Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Iúil 2020
(OR. en)

9401/20

ONU 32
CONUN 126
COHOM 53
CFSP/PESC 573
COPS 223
CSDP/PSDC 344
CONOP 51
COTER 66
DEVGEN 95
SUSTDEV 89
ENV 402
CLIMA 140
COHAFA 39
MIGR 67
CODUN 41
SAN 234
CYBER 121

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9314/20 |
| Ábhar: | Tosaíochtaí an Aontais ag na Náisiúin Aontaithe agus ag an 75ú Comhthionól Ginearálta de chuid na Náisiún Aontaithe, Meán Fómhair 2020 - Meán Fómhair 2021<br>- Conclúidí ón gComhairle (13 Iúil 2020) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais ag na Náisiúin Aontaithe agus ag an 75ú Comhthionól Ginearálta de chuid na Náisiún Aontaithe, Meán Fómhair 2020 – Meán Fómhair 2021, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3765ú cruinniú a reáchtáladh ar an 13 Iúil 2020.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais ag na Náisiúin Aontaithe agus ag an 75ú Comhthionól Ginearálta de chuid na Náisiún Aontaithe, Meán Fómhair 2020 – Meán Fómhair 2021**[1]

**Ag tacú leis an iltaobhachas agus le Náisiúin Aontaithe atá láidir agus éifeachtach agus a dhéanfaidh beart de réir a bhriathair do chách**

1. Léiríonn an domhan idirnasctha sa lá atá inniu ann agus na dúshláin dhomhanda atá romhainn go bhfuil gá níos mó ná riamh le comhar iltaobhach. Léiríonn ráig COVID-19 go soiléir gur gá gníomhú go comhchoiteann de dheasca na ndúshlán domhanda. Tá ár ndaonnacht agus ár luachanna, chomh maith leis an gcóras iltaobhach féin á dtástáil ag COVID-19. Ní mór an t-ord idirnáisiúnta atá bunaithe ar rialacha – agus na Náisiúin Aontaithe ina chroílár – a choinneáil agus a neartú má táimid chun déileáil go héifeachtach leis na dúshláin dhomhanda. Is mithid anois an dlúthpháirtíocht agus an comhar idirnáisiúnta a chur chun cinn.

2. San iarracht chomhpháirteach sin, tá an tAontas agus a Bhallstáit ar thús cadhnaíochta sa fhreagairt dhomhanda chun cabhrú leo siúd is mó atá i ngátar aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí daonnúla, sláinte, sóisialta agus eacnamaíocha na géarchéime. Tá sé mar aidhm ag an Aontas ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla agus dlúthpháirtíocht a léiriú trí thacaíocht a thabhairt dár gcomhpháirtithe ar fud an domhain. Chun an leas is fearr is féidir a bhaint as an tionchar comhchoiteann atá againn, tá cur chuige iltaobhach éifeachtach de dhíth orainn. Sin é an fáth go leanfaimid orainn ag tacú le hiarrachtaí Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe freagairt uile-NA a chomhordú i ndlúthchomhar le gníomhaithe eile. Tá tábhacht freisin ag baint le bearta a dhéantar ar an leibhéal náisiúnta. Leanfaidh an tAontas de bheith ina chomhpháirtí láidir inchreidte dóibh siúd uile ar mian leo tacú leis an iltaobhachas i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle maidir le gníomhaíocht an Aontais chun an t-iltaobhachas riailbhunaithe a neartú.

[1] Tríd síos sa doiciméad seo, ní dhéanann úsáid 'AE' réamhbhreith i dtaobh cibé acu an ag 'AE', 'AE agus a Bhallstáit' nó 'na Ballstáit' go heisiach atá an inniúlacht.

3. Tá léirithe ag an ngéarchéim reatha a ríthábhachtaí is atá institiúidí iltaobhacha don tsláinte, don rathúnas agus don tslándáil ar fud an domhain. Ní mór dúinn na ceachtanna a fhoghlaim le chéile chun an domhan a dhéanamh níos athléimní sa todhchaí. Chun tacú le hiarraidh Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe "téarnamh níos fearr" a bhaint amach, ní mór dúinn oibriú le chéile chun an bealach a réiteach do théarnamh a chruthóidh sochaithe inbhuanaithe, comhionanna agus cuimsitheacha i gcomhréir leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe agus le Comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide. Atógáil ar bhealach níos fearr agus níos glaise an bealach ar aghaidh is fearr. Chun é sin a bhaint amach, beidh sé ríthábhachtach cur le comhleanúnachas trascholúin obair na Náisiún Aontaithe agus dul chun cinn a dhéanamh ar an nasc idir an daonnacht, an fhorbairt agus an tsíocháin. Tráth ríthábhachtach é seo freisin chun béim níos géire a chur ar ár dtosaíochtaí comhchoiteanna, a n-áirítear orthu cearta an duine agus cosc ar choinbhleachtaí, aeráid agus forbairt inbhuanaithe agus cúrsaí digiteacha. Beidh sé chomh tábhachtach céanna an spás daonnúil a chaomhnú agus a áirithiú go n-urramófar an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus prionsabail dhaonnúla.

4. I mbliana, ceiliúraimid comóradh 75ú bliain na Náisiún Aontaithe. Is tráth é chun an córas iltaobhach a nuáil agus a neartú ar mhaithe leis "an todhchaí atá uainn, na Náisiúin Aontaithe atá de dhíth", bunaithe ar mhuinín, ar luachanna comhroinnte agus ar leasanna comhchoiteanna. Sa lá atá inniu ann, tá gá againn le NA a léiríonn an breisluach a bhaineann leis, a dhéanann beart de réir a bhriathair do chách agus atá oiriúnach don fheidhm. Sin é an fáth go leanfaimid de bheith chun tosaigh ina measc siúd atá ar son Náisiúin Aontaithe a bheadh níos éifeachtaí, níos éifeachtúla agus maoinithe ar bhealach níos inbhuaine, agus lántacaíocht á tabhairt do chlár oibre Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe um athchóiriú. I dteannta a chéile, is iad an tAontas agus a Bhallstáit an ranníocóir airgeadais is mó leis na Náisiúin Aontaithe. Leanfaidh an tAontas de leas a bhaint as a chumhacht chomórtha chun tacú le hiltaobhachas éifeachtach trí ghníomhaithe domhanda a thabhairt le chéile agus réitigh dhomhanda chomhchoiteanna mar aidhm acu. Leanfaimid d'athbheochan an Chomhthionóil Ghinearálta a chur chun cinn agus tacóimid leis na hiarrachtaí chun sineirgí agus comhleanúnachas a fheabhsú i gcláir oibre an Chomhthionóil Ghinearálta agus a fho-orgán. Tabharfaimid tacaíocht d'athchóirithe riachtanacha ar chomhlachtaí agus ar orgáin chóras na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear an t-athchóiriú cuimsitheach ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, chun iad a dhéanamh níos éifeachtaí, níos trédhearcaí, níos daonlathaí, níos ionadaíche agus níos cuntasaí.

**Cearta an duine agus comhionannas inscne a chur chun cinn**

5. Anois agus na dúshláin do chearta an duine, don daonlathas agus don smacht reachta ag dul i méid, leanfaidh an tAontas de bheith ina cheannaire domhanda maidir le cur chun cinn agus cosaint chearta uile an duine ar fud an domhain. Trí idirphlé agus comhar, cuirfimid an urraim ar dhínit an duine, an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas agus an smacht reachta chun cinn mar réamhriachtanais chun sochaithe daonlathacha a bheidh cuimsitheach agus athléimneach a fhorbairt. Déanfaimid gach iarracht cearta an duine a chur i gcroílár chlár oibre na Náisiún Aontaithe, agus athdhearbhaímid uilíocht, dodhealaitheacht, idirspleáchas agus idirghaolmhaireacht chearta uile an duine. Leanfaimid orainn ag cur scéal dearfach maidir le cearta an duine chun cinn, lena n-áirítear tríd an tionscnamh Dea-scéalta faoi Chearta an Duine. Troidfidh an tAontas in aghaidh chreimeadh agus ionstraimiú chearta an duine. Leanfaimid de gach sárú ar chearta an duine a cháineadh cibé áit a dtarlaíonn siad agus molaimid rochtain neamhshrianta ar shásraí idirnáisiúnta chearta an duine, neartóimid cuntasacht agus sásraí ceartais idirnáisiúnta agus an comhrac i gcoinne saoirse ó phionós. Tacaíonn an tAontas go mór i gcónaí leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta.

6. Tá paindéim COVID-19 ina bhagairt mhór ar chearta an duine agus tá tionchar níos measa aige ar theachtadh chearta an duine i gcás daoine atá i staideanna leochaileacha go háirithe. Ní féidir freagairt éifeachtach a ráthú agus a chinntiú nach bhfágfar aon duine ar leataobh ach amháin trí chur chuige atá bunaithe ar chearta an duine a ghlacadh . Anois agus sárú á dhéanamh go leanúnach chearta an duine agus srian mór á chur ar an spás don tsochaí shibhialta in a lán áiteanna ar domhan, tacaíonn an tAontas go láidir le Glao Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe chun Gníomhaíochta maidir le Cearta an Duine chomh maith lena cheannaireacht maidir le cearta an duine a chur i gcroílár na freagartha ar COVID-19, agus tá sé meáite ar chuidiú lena chur chun feidhme. Ní mór dúinn dlús a chur leis an ngníomhú chun a áirithiú go mbeidh an tsochaí shibhialta agus an Óige rannpháirteach ar bhealach fiúntach sna Náisiúin Aontaithe agus i bhfóraim eile agus ní mór dúinn úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha chun cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint agus rioscaí féideartha a mhaolú ag an am céanna agus aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí diúltacha an athraithe aeráide ar chearta an duine. Tá ról na ngníomhaithe sibhialta agus cosantóirí chearta an duine níos tábhachtaí ná mar a bhí riamh má táimid chun téarnamh níos fearr agus níos tapúla a bhaint amach tar éis ghéarchéim COVID-19.

7. Ba cheart dúinn dlús a chur lenár n-iarrachtaí chun cearta an duine a phríomhshruthú. Bainfidh an tAontas úsáid as gach uirlis atá ar fáil chun a ghealltanais i ndáil le cearta an duine a chomhlíonadh, lena n-áirítear faoi chuimse Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus aon fhóram ábhartha eile, i gcomhréir le Conradh an Aontais Eorpaigh agus Cairt na Náisiún Aontaithe. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine a bheidh láidir agus éifeachtach agus ag an am céanna a bhfuil bainte amach aici a chosaint agus aitheantas a thabhairt don ról ar leith agus don bhreisluach atá aici ó thaobh cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint ar fud an domhain. Is comhpháirteanna ríthábhachtacha de chóras na Náisiún Aontaithe um chearta an duine iad Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, Nósanna Imeachta Speisialta agus Comhlachtaí Conartha. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt dá neamhspleáchas agus don ghá atá ann acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil d'obair na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine. Leanfaimid de bheith ag gabháil go gníomhach san athbhreithniú ar chóras an Chomhlachta Conartha d'fhonn a éifeachtúlacht agus a éifeachtacht a neartú chomh maith le neamhspleáchas agus sláine na gComhlachtaí Conartha a chosaint.

8. Agus 25 bliana de Dhearbhú agus Ardán Gníomhaíochta Bhéising á chomóradh, bhí 2020 beartaithe a bheith mar bhliain cheannródaíoch don chomhionannas inscne agus do chumhachtú na mban agus na gcailíní go léir. Ina ionad sin, mar thoradh ar leathadh phaindéim COVID-19, cuireadh siar an tsraith cruinnithe ardleibhéil chun na gealltanais atá ann cheana maidir le comhionannas inscne agus maidir le tairbhiú iomlán chearta an duine do mhná agus cailíní a athbheochan. Go háirithe, ní mór dúinn anois gníomhaíochtaí spriocdhírithe agus príomhshruthú a threisiú d'fhonn comhionannas inscne a bhaint amach. Tacaíonn an tAontas go hiomlán le hiarraidh Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe go mbeidh "síocháin i dtithe ar fud an domhain" in éineacht le tionscnamh a fhreagraíonn do chúrsaí inscne lena dtugtar aghaidh ar thionchar COVID-19 ar mhná agus ar chailíní. I gcroílár na n-iarrachtaí sin, tá an tionscnamh Spotsolais de chuid na Náisiún Aontaithe agus an Aontais, a dhíríonn ar dheireadh a chur le gach cineál foréigin in aghaidh ban agus cailíní. Beidh an comhionannas inscne, cumhachtú na mban agus na gcailíní uile agus tairbhe iomlán a bheith á baint acu as cearta uile an duine bunriachtanach chun sochaithe atá níos cothroime, níos cuimsithí agus níos athléimní a atógáil do chách. Tá an tAontas fós tiomanta do chearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh agus do Chlár Oibre Bhéising don Ghníomhaíocht agus Clár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt (ICPD) a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán mar aon le pé toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbhreithnithe agus tá sé tiomanta i gcónaí do shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe sa chomhthéacs sin. Agus beann aige ar an méid sin, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh cheart gach duine smacht iomlán a bheith acu, agus cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach, maidir le hábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte ghnéis agus atáirgthe, saor ó leithcheal, ó chomhéigean agus ó fhoréigean. Is mian leis an Aontas a chur i bhfáth an athuair go dteastaíonn rochtain uilíoch ar fhaisnéis inacmhainne chuimsitheach ar ardchaighdeán, i leith na sláinte gnéis agus atáirgthe, agus i leith an oideachais, lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéis agus seirbhísí cúraim sláinte.

**An tsíocháin agus an tslándáil a chur chun cinn**

9. Anois agus an teannas geopholaitiúil ag méadú i gcónaí ar fud an domhain, leanfaidh an tAontas d'fheabhas a chur ar a iarrachtaí an tsíocháin agus an tslándáil a chur chun cinn agus dá chumas gníomhú i gcomhar le comhpháirtithe eile a neartú. Le ráig COVID-19 cuireadh chun suntais gur gá athléimneacht na stát agus na réigiún ar fud an domhain a fheabhsú agus aghaidh a thabhairt ar staideanna leochaileachta. Ag an am céanna, mar gheall ar an ráig tá deiseanna ann coinbhleachtaí a réiteach agus síocháin a chothú. Tacaíonn an tAontas go láidir leis an achainí ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe maidir le sos comhraic domhanda agus athdhearbhaíonn sé gur gá réitigh pholaitiúla a chur chun cinn ar choinbhleachtaí casta, fada an lae inniu – ní hamháin le linn na paindéime ach ina dhiaidh sin freisin – chomh maith le rochtain gan bhac a áirithiú do chabhair dhaonnúil atá ar bhonn prionsabail. Leanfaimid de bheith ag iarraidh ar na páirtithe uile i gcoinbhleachtaí an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta a chomhlíonadh go hiomlán. Imreoidh an tAontas a thionchar taidhleoireachta iomlán ar na hiarrachtaí sin, lena n-áirítear trí chreat beartais an Aontais don idirghabháil. Beidh ról bunriachtanach ann i gcónaí don idirphlé a dhéanann an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe chun coinbhleachtaí a chosc i ndáil leis sin.

10. Tá Athbhreithniú 2020 ar Ollstruchtúr na Náisiún Aontaithe um Chothú na Síochána ríthábhachtach chun na spriocanna sin a bhaint amach agus chun colún na síochána agus na slándála de chuid na Náisiún Aontaithe a neartú tuilleadh trí fheabhas a chur ar chothú comhleanúnach na síochána agus iarrachtaí síochána sa réimse sin a chothabháil. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú leis an bpróiseas sin agus aird ar leith á tabhairt aige ar mhaoiniú leordhóthanach, intuartha agus inbhuanaithe a áirithiú agus ar chomhpháirtíochtaí a neartú chun na críche sin, ag tacú le Coimisiún na Náisiún Aontaithe um Chothú na Síochána chun an ról comhairleach atá aige do Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chomhlíonadh agus chun feabhas a chur ar na naisc straitéiseacha idir an dá struchtúr. Beidh gá le hiarrachtaí leanúnacha chun an comhar ar an láthair a neartú trí anailís agus pleanáil chomhpháirteach, chun luathrabhadh a nascadh le luathghníomhaíocht ar bhealach níos fearr, agus chun an ceartas agus athmhuintearas idirthréimhseach a chur chun cinn. Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil tuilleadh béime á leagan ar impleachtaí slándála an athraithe aeráide ar fud chóras na Náisiún Aontaithe, rud a chabhróidh le rioscaí slándála a bhaineann leis an aeráid a mheas agus aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach níos fearr. I bhfianaise chomóradh 15 bliana ó glacadh coincheap na Freagrachta as Cosaint, leanfaidh an tAontas d'idirphlé agus de rannpháirtíocht maidir leis an bhfreagracht sin a éascú i bhfóraim ábhartha de chuid na Náisiún Aontaithe.

11. Tá oibríochtaí síochána na Náisiún Aontaithe fós ar cheann de na huirlisí is tábhachtaí chun an tsíocháin agus an tslándáil a chur chun cinn ar fud an domhain. Ghlac an tAontas agus na Ballstáit páirt i dtionscnamh Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe maidir le Gníomhaíocht le haghaidh na Síochánaíochta (A4P) agus d'athnuaigh siad a dtiomantas polaitiúil chun tacú le hoibríochtaí síochánaíochta chun iad a chur in oiriúint don fheidhm trí thacú, mar shampla, le cineálacha nua cur chuige chun giniúint fórsa, seirbhísíocht trealaimh agus inbhuanaitheacht a fheabhsú. Is é an tosaíocht is mó atá againn an tionchar nithiúil intomhaiste ar an láthair a fheabhsú. Tá an tAontas an-tiomanta i gcónaí do threisiú a dhéanamh ar an gcomhpháirtíocht straitéiseach idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe i ndáil le hoibríochtaí síochána agus bainistiú géarchéime agus don chomhar oibríochtúil leis na Náisiúin Aontaithe ar an láthair a neartú agus, i ndáil leis an méid sin, tá sé ag tnúth le síniú Chreat NA-AE chun Tacaíocht Fhrithpháirteach a Sholáthar i gcomhthéacs a misean agus a n-oibríochtaí faoi seach. Beidh sé chomh tábhachtach céanna i gcónaí cur leis an gcomhordú le heagraíochtaí eile réigiúnacha agus idirnáisiúnta agus le hinstitiúidí airgeadais idirnáisiúnta. Is é an tAontas Afracach an príomh-chomhpháirtí atá againn, agus leanfar de na hiarrachtaí chun tacú le tionscnaimh síochána agus slándála atá faoi stiúir na hAfraice agus leis an gcomhar tríthaobhach idir an tAontas Afracach, an tAontas Eorpach agus na Náisiúin Aontaithe (AF-AE-NA) a dhoimhniú. Is den ríthábhacht an chomhpháirtíocht thríthaobhach idir na Náisiúin Aontaithe, an tAontas agus an Banc Domhanda chun go ndéanfar dul chun cinn inbhuanaithe ó thaobh na síochána agus na slándála de. Chun a áirithiú go mbeidh mná rannpháirteach go hiomlán agus go fóinteach i bpróisis pholaitiúla agus síochána, leanfaidh an tAontas de chur chun feidhme an chláir oibre maidir le Mná, leis an tSíocháin agus an tSlándáil a chur chun cinn. Cothrom na bliana seo fiche bliain ó shin, ritheadh Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil, agus ba cheart tiomantas athnuaite neartaithe don chlár oibre a bheith ann dá réir. Leanfaimid de chuimsiú na hóige a chur chun cinn i gcothú agus i gcoinneáil na síochána mar chuid den tacaíocht leanúnach a thugaimid don chlár oibre don Óige, don tSíocháin agus don tSlándáil. Tá sé tábhachtach i gcónaí sibhialtaigh, go háirithe mná agus leanaí, daoine faoi mhíchumas, agus oibrithe daonnúla agus leighis i dtimpeallacht choinbhleachta agus iarchoinbhleachta a chosaint.

12. Is tosaíochtaí móra an Aontais i gcónaí iad cosc a chur ar an radacú a mbíonn antoisceachas foréigneach agus sceimhlitheoireacht mar thoradh air. Tá an tAontas tiomanta d'iarrachtaí na Náisiún Aontaithe a neartú chun aghaidh a thabhairt ar bhagairt dhomhanda na sceimhlitheoireachta i gcomhréir go hiomlán leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta maidir le dídeanaithe, i gcomhréir le Straitéis Dhomhanda Frithsceimhlitheoireachta na Náisiún Aontaithe. I ré iar-COVID, tá cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine agus tá cosc ríthábhachtach ionas nach spreagfar tuilleadh radacaithe as a n-eascródh an t-antoisceachas foréigneach agus an sceimhlitheoireacht. Tá gá le tuilleadh iarrachtaí, lena n-áirítear trí dhíolúintí daonnúla, chun a áirithiú nach gcuirfidh smachtbhannaí agus bearta frithsceimhlitheoireachta bac ar sholáthar cúnaimh dhaonnúil ar bhonn prionsabail.

13. Agus an choireacht idirnáisiúnta ag dul i méid, rannchuideofar, tríd an gceathrú Comhdháil déag de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le Coireacht a Chosc agus Ceartas Coiriúil, chun an comhar idirnáisiúnta, cosc na coireachta agus an ceartas coiriúil a neartú, i gcomhréir leis an smacht reachta agus le hurraim do chearta an duine. Athdhearbhaíonn an tAontas a thábhachtaí atá seisiún speisialta an Chomhthionóil Ghinearálta in aghaidh an éillithe in 2021 chun an t-éilliú a chosc agus a chomhrac, agus leanfaidh sé de chur chun feidhme iomlán agus éifeachtach Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe a chur chun cinn.

14. Leanfaidh an tAontas d'aghaidh a thabhairt ar fhorbairt Theicneolaíochtaí na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFCanna) i gcomhthéacs na slándála idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht i bpróisis ábhartha na Náisiún Aontaithe. Leanfaimid de bheith ag obair le comhpháirtithe chun coinbhleachtaí a chosc agus chun an chobhsaíocht sa chibearspás a chur chun cinn tríd an gcreat normatach le haghaidh státiompar freagrach, trí bhearta cothaithe muiníne a chur chun feidhme agus trí thacaíocht d'fhothú cibear-acmhainneachta. Déanfaidh an tAontas cur i bhfeidhm iomlán an dlí idirnáisiúnta atá ann cheana a chur chun cinn, lena n-áirítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta, sa chibearspás. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go dtacaíonn sé go leanúnach le Coinbhinsiún Bhúdaipeist maidir le Cibearchoireacht mar chreat dlíthiúil iltaobhach cuimsitheach chun reachtaíocht náisiúnta agus comhar idirnáisiúnta a fhorbairt chun dul i ngleic leis an gcibearchoireacht.

15. Tráth a bhfuil ollstruchtúr idirnáisiúnta na dí-armála, an neamhleata agus an rialaithe arm faoi bhrú mór agus a bhfuil na dúshláin ina leith ag méadú mar thoradh ar theannais gheopholaitiúla, déanfaidh an tAontas tuilleadh iarrachtaí chun é a chaomhnú agus chun cur chun feidhme iomlán na n-ionstraimí idirnáisiúnta dí-armála agus rialaithe arm a chur chun cinn agus áiritheoidh sé ag an am céanna go mbeidh na hionstraimí sin oiriúnach don fheidhm i gcónaí i bhfianaise forbairtí nua teicneolaíochta. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair chun toradh rathúil a bhaint amach ar Dheichiú Comhdháil Athbhreithnithe an Chonartha maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach (NPT), chun seasamh le NPT agus é a neartú mar phríomhionstraim iltaobhach don tsíoch※áin, don tslándáil agus don chobhsaíocht idirnáisiúnta, agus chun uilíochas NPT agus a chur chun feidhme feabhsaithe a chur chun cinn. Trí thacú le hobair na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW), áiritheofar i gcónaí go seasfar leis an norm domhanda i gcoinne úsáid arm ceimiceach agus go ndéanfar iad siúd atá freagrach as a n-úsáid a thabhairt chun cuntais. Díreofar go sonrach i gcónaí ar iompar freagrach sa chianspás agus ar chosc a chur ar rás arm sa chianspás, agus ar thacú le hiarrachtaí chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an Chomhdháil um Dhí-armáil a sainordú mar an t-aon fóram caibidlíochta iltaobhach maidir le saincheisteanna dí-armála.

16. Cuirfear tús leis na hullmhúcháin do na comhdhálacha athbhreithniúcháin a bheidh ann in 2021 i ndáil leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine (BTWC), agus i ndáil leis an gCoinbhinsiún maidir le Gnáth-Arm Áirithe (CCW). Is ardtosaíochtaí iad i gcónaí teacht i bhfeidhm agus uiliú an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBT), agus go gcloítear ar bhonn uilechoiteann leis an gConradh Trádála Arm (CTA), leis an gCoinbhinsiún maidir le Toirmeasc ar Mhianaigh Fhrithphearsanra (APMBC) agus le Cód Iompair na Háige in aghaidh leathadh diúracán balaistíoch (HCoC) agus go gcuirtear chun feidhme iad. Leanfaimid de thacaíocht a thabhairt do Chlár Oibre Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe don Dí-armáil, lena n-áirítear tús a chur leis an gcaibidlíocht láithreach maidir le conradh um ábhair inscoilte a thoirmeasc (FMCT).

**Domhandú cothrom a fhorbairt**

17. Tá sé ríthábhachtach dlús a chur le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus a SDGanna trí chur chuige i leith na forbartha atá bunaithe ar chearta an duine má táthar chun aistriú claochlaitheach a bhaint amach faoi 2030 nach bhfágfaidh aon duine ar leataobh. Is iad na SDGanna is bonn taca dár luachanna agus dár dtodhchaí. Leis na SDGanna sin, tugtar treoir do ghníomhaíocht an Aontais i ngach earnáil sa bhaile agus thar lear. De bhíthin ghéarchéim reatha COVID-19, meabhraítear go bhfuil cur chun feidhme iomlán Chlár Oibre 2030 agus Chomhaontú Pháras ríthábhachtach chun an domhan a réiteach níos fearr do thurraingí sistéamacha amach anseo. Ag tógáil ar Dhearbhú Polaitiúil Chruinniú Mullaigh SDG 2019, ní mór dúinn ár n-uaillmhian a choinneáil ard agus leas a bhaint as Deich mBliana i mbun Gnímh don Fhorbairt Inbhuanaithe chun an móiminteam le haghaidh gníomhaíochta a athbheochan. Tacaímid leis an iarraidh ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe domhandú cothrom a fhorbairt agus táimid réidh chun ár gcuid oibre a dhéanamh leis na geallsealbhóirí ábhartha uile.

18. Ní mór dúinn dlús a chur leis na hiarrachtaí domhanda chun cumhdach sláinte uilíoch a bhaint amach agus rochtain a sholáthar ar chórais agus seirbhísí sláinte atá ar ardchaighdeán, inacmhainne, cuimsitheach agus athléimneach, chomh maith le huisce óil sábháilte agus sláintíocht leordhóthanach. Caithfimid leanúint den tsláinte dhomhanda a chur chun cinn mar leas poiblí do chách agus lántacaíocht á tabhairt d'iarrachtaí na hEagraíochta Domhanda Sláinte mar phríomhchomhlacht na Náisiún Aontaithe maidir le sláinte dhomhanda. Tríd an tionscnamh gealltanas maidir leis an bhFreagairt Dhomhanda ar an gCoróinvíreas, atá urraithe ag an Aontas, leanfaimid de thacú leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ar fud an domhain chun dlús a chur leis an taighde ar chóireálacha, diagnóisic agus vacsaíní, rud a áiritheoidh gur leas poiblí domhanda iad a bhfuil rochtain chothrom ag cách air. Ina theannta sin, ba cheart dúinn athbhreithniú a dhéanamh ar an taithí a fuarthas agus ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón bhfreagairt sláinte idirnáisiúnta atá comhordaithe ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte ar COVID-19 agus ba cheart dúinn moltaí a dhéanamh chun feabhas a chur ar chosc, ullmhacht agus freagairt i gcás paindéimí domhanda. Leis an rún ón gComhthionól Domhanda Sláinte a glacadh go comhthoiliúil, arna thionscnamh ag an Aontas agus a chuid Ballstát, leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé freagairt chomhchoiteann a thabhairt ar phaindéim an choróinvíris.

19. Ba cheart dúinn an chéim théarnaimh a úsáid chun dul i ngleic le hiarmhairtí socheacnamaíocha na paindéime agus a tionchar ar dhea-bhail an duine a mhaolú gan aon duine a fhágáil ar leataobh. Ní mór dúinn iarrachtaí comhchoiteanna níos mó a dhéanamh chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus leis an ocras, chun dul i ngleic le neamhionannais atá ag dul i méid, chun comhionannas inscne a bhaint amach agus chun fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn. I ngeall ar an neamhshlándáil bia atá ag dul i méid agus an míchothú i measc na ndaoine is leochailí de bharr thionchar COVID-19 ar shlite beatha, ar chórais bhia agus ar shlabhraí soláthair, tá gá le hiarrachtaí chun rochtain ar sholáthairtí bia agus talmhaíochta a áirithiú. Ba cheart an téarnamh a bheith fite fuaite leis an gceartas sóisialta agus obair chuibhiúil agus, chomh maith leis sin, le hinfheistíocht i gcórais cosanta sóisialta. Ní mór téarnamh a bheith againn lena nasctar infheistíochtaí agus faoiseamh ó fhiachas le SDGanna. Chun freagairt ar ghéarchéim COVID-19 ar bhealach inbhuanaithe, beidh gá freisin le feidhmiú éifeachtach córais dhomhanda trádála atá bunaithe ar rialacha.

20. Leanfaimid de bheith ag obair le comhpháirtithe chun aghaidh a thabhairt go comhpháirteach ar an imirce agus ar an easáitiú éigeantach, lena n-áirítear tríd an obair leantach ar an gcéad Fhóram Domhanda um Dhídeanaithe, ar an bPainéal Ardleibhéil um Easáitiú Inmheánach agus ar fhóraim ábhartha eile de chuid na Náisiún Aontaithe. Táimid tiomanta leas a bhaint as an eolaíocht, as an teicneolaíocht agus as an nuálaíocht chun SDGanna a chur chun cinn.

21. Mar phríomhsholáthraí cúnaimh oifigiúil um fhorbairt ar domhan, tá an tAontas agus a chuid Ballstát fíorthiomanta do thacaíocht a thabhairt do na tíortha comhpháirtíochta, go háirithe na tíortha is mó atá i ngátar, agus Clár Oibre 2030 á chur chun feidhme, lena n-áirítear Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa maidir le Maoiniú don Fhorbairt. Oibreoidh an tAontas ar bhealach níos dlúithe leis na Náisiúin Aontaithe maidir le hanailís chomhpháirteach agus roinnt éifeachtúil chomhpháirteach an tsaothair i ndáil le clársceidealú an Aontais ar leibhéal na tíre i gcéim chlársceidealaithe an chomhair ó 2020 ar aghaidh. Beidh ról tábhachtach ag na Náisiún Aontaithe ar an láthair a bheidh níos comhtháite, níos comhleanúnaí, níos éifeachtúla agus níos dírithe ar thorthaí, faoi stiúir Chomhordaitheoirí Cónaitheacha cumhachtaithe na Náisiún Aontaithe agus i gcomhréir le Creataí Comhair na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe, chun a áirithiú go dtiocfaidh tíortha níos fearr as an ngéarchéim atá ann faoi láthair. Chuige sin, ní mór dúinn Creataí Náisiúnta Comhtháite Maoiniúcháin a chothú a thuilleadh, maoiniú inbhuanaithe a chur chun cinn agus réitigh nuálacha a mhéadú chun maoiniú leordhóthanach a shlógadh d'fhonn cur chun feidhme SDGanna a chur chun cinn. Féachfaimid le hinfheictheacht, trédhearcacht agus éifeachtacht an chomhair idirnáisiúnta um fhorbairt a fheabhsú.

**Dlús a chur leis an aistriú domhanda i dtreo todhchaí inbhuanaithe aeráidneodrach**

22. I ngeall ar ghéarchéim COVID-19, táthar ag díriú, ar bhealach níos géire, ar neamhdhóthanacht na freagartha domhanda ar éigeandálaí aeráide agus bithéagsúlachta. I bhfianaise na géarchéime, léiríonn an fhianaise eolaíoch nach leor leibhéal na huaillmhéine domhanda agus nach mór dúinn gníomhú go cinntitheach anois. Ní mór na hiarrachtaí téarnaimh a bheith i gcomhréir leis an gclár oibre aistrithe maidir le hastaíochtaí ísle agus níor cheart, de bharr na n-iarrachtaí téarnaimh céanna, gur in olcas a rachadh éigeandálaí aeráide agus comhshaoil atá ann cheana agus a bhfuil baint acu le chéile. Ina theannta sin, ba cheart go gciallódh réaltacht nua tar éis COVID-19 go mbeadh geilleagar níos nua-aimseartha, níos aeráidneodraí agus níos ciorclaí ann a fhágfaidh nach mbeidh muid ag brath chomh mór céanna ar acmhainní agus a chuirfidh leis an teacht aniar atá ionainn. Is tábhachtaí fós ná mar a bhí roimhe seo infheistíocht a dhéanamh sa nuálaíocht ar mhórscála atá inbhuanaithe agus glas, i bhfoinsí inathnuaite, in éifeachtúlacht fuinnimh, i bhfuinneamh glan agus in iompar. Leis an gcúigiú Comhthionól Comhshaoil de chuid na Náisiún Aontaithe, tugtar deis thábhachtach an bealach a réiteach agus dlús a chur faoin uaillmhian chun clár oibre um théarnamh glas agus inbhuaine chomhshaoil a chothú. Cuirfidh comóradh chéad chomhdháil na Náisiún Aontaithe ar an gcomhshaol daonna in 2022 leis an móiminteam dearfach.

23. Leanfaidh an tAontas, mar cheannaire domhanda, den athrú aeráide agus de chailliúint na bithéagsúlachta a chomhrac trí bhíthin beartais uaillmhianacha sa bhaile agus ar fud an domhain. Is é Margadh Glas na hEorpa, mar a mhol an Coimisiún Eorpach é, ár dtreochlár le haghaidh todhchaí inbhuanaithe, aeráidneodrach ina mbeimid tíosach ar acmhainní, agus an sprioc uaillmhianach againn aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Cuirfimid leis an bhfuinneamh a gríosaíodh le cruinniú mullaigh na Náisiún Aontaithe maidir le gníomhaíocht ar son na haeráide agus leanfaimid de thacaíocht a thabhairt d'Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe ina chuid iarrachtaí géarú ar an ngníomhaíocht dhomhanda ar son na haeráide. Is den ríthábhacht cur chun feidhme mear iomlán Chomhaontú Pháras, i gcomhréir leis an eolaíocht is déanaí, go háirithe na tuarascálacha ón IPCC, chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán eiseach sin. Cuirfidh an tAontas dlús leis na hiarrachtaí taidhleoireachta i ndáil leis an aeráid, mar chuid den taidhleoireacht um an Margadh Glas, chun tacaíocht a chothú d'uaillmhian dhomhanda fheabhsaithe ar mhaithe le haistriú cothrom domhanda chuig geilleagar glas, agus roimh an gcéad Chomhdháil eile de chuid na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP 26). Leanfaidh an tAontas de bheith ag comhoibriú níos dlúithe leis na comhpháirtithe uile le cabhrú leo a rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta (NDCanna) a athbhreithniú agus a chur chun feidhme, chomh maith le straitéisí forbartha uaillmhianacha fadtéarmacha maidir le hastaíochtaí ísle a cheapadh agus maoiniú don aeráid á shlógadh ag an am céanna. Leanfaimid de bheith ag tacú le cur chun feidhme Chreat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaistí chun rioscaí agus nochtadh do ghuaiseacha a bhaineann leis an aeráid a laghdú agus leis sin, athléimneacht a neartú. Cuirfimid dlús le haistriú na sreafaí airgeadais chuig infheistíochtaí inbhuanaithe aeráid-ailínithe, cuirfimid táirgeadh domhanda agus úsáid amhábhar atá inbhuanaithe agus freagrach chun cinn, agus oibreoimid chun Comhaontas Domhanda don Gheilleagar Ciorclach a bhunú.

24. Ní mór go dtiocfaidh an fuinneamh polaitiúil is gá ó chruinniú mullaigh na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht, go réiteofar an bealach leis ionsar chreat bithéagsúlachta domhanda tar éis 2020, a bheidh le glacadh ag Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (COP 15) in 2021. Oibreoidh an tAontas i gcomhar le comhpháirtithe ionas gur cor cinniúnach a bheidh sa chruinniú ó thaobh aird an domhain a dhíriú ar mhéid chailliúint na bithéagsúlachta agus an tionchar atá aige sin ar shlándáil bia, ar an tsláinte, ar an ngeilleagar agus ar a hidirspleáchas leis an athrú aeráide. I bhfianaise ghéarchéim COVID-19, ní mór an prionsabal "aon sláinte amháin" a bheith ina threoir dúinn ionas go n-áiritheofaí sláinte an duine agus an éiceachórais araon. Méadaítear an riosca go mbeidh paindéimí ann sa todhchaí le dífhoraoisiú, talmhaíocht thionsclaíoch, trádáil neamhdhleathach fiadhúlra, truailliú, athrú aeráide, ganntanas uisce, sláintíocht neamhéifeachtúil agus bainistiú dramhaíola agus cineálacha eile díghrádaithe comhshaoil, agus ní mór dul i ngleic leo. Beidh sé mar aidhm ag an Aontas go mbeidh cruinniú ardleibhéil uaillmhianach ag na Náisiúin Aontaithe maidir le hUisce in 2021 d'fhonn dlús a chur leis an dul chun cinn maidir le bainistiú inbhuanaithe uisce. Tá baol ann freisin le paindéim Covid-19 go mbainfí an bonn den dul chun cinn atá déanta, go nochtfaí easnaimh inár gcórais bhia agus go méadófaí neamhshlándáil bia agus míchothú. Tacóidh an tAontas le hullmhúcháin chuimsitheacha le haghaidh táirgí insoláthartha éifeachtacha ag cruinniú mullaigh Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe um Chórais Bhia ionas go gcuirfí dlús le gníomhaíochtaí chun leanúint den athrú atá á dhéanamh ar na córais bhia reatha sa dóigh go mbeidh siad níos sláintiúla, níos athléimní agus níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

25. Ag Comhdháil Aigéin na Náisiún Aontaithe agus ag fóraim ábhartha eile a bheidh ann amach anseo, oibreoimid i gcónaí ar mhaithe le rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan a neartú agus le haigéin agus farraigí sábháilte, slána agus sláintiúla a áirithiú. Géaróimid ar na hiarrachtaí forbairt conartha a thabhairt i gcrích faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige i dtaca le bithéagsúlacht mhuirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta (BBNJ) a chaomhnú agus a úsáid ar bhonn inbhuanaithe. Agus é mar cheannaire domhanda i rialachas comhshaoil, beidh ról gníomhach ag an Aontas sa straitéis dhomhanda sonraí comhshaoil a fhorbairt faoi 2025.

**An t-aistriú chuig saol digiteach nua a stiúradh**

26. Tá ár saol á n-athrú ó bhonn de réir a chéile ag teicneolaíochtaí digiteacha mar go bhfuil buntáistí ollmhóra ag baint leo, ach tá rioscaí agus costais ag baint leo chomh maith. Tacóidh an tAontas le hiarrachtaí na Náisiún Aontaithe teicneolaíochtaí nua a stiúradh ar mhaithe le hathrú dearfach, rud a bheidh i gcomhréir le tosaíocht an Aontais an Eoraip a chur in oiriúint don ré dhigiteach. Beimid ar thús cadhnaíochta san aistriú chuig saol digiteach nua ina mbeidh deis chothrom ag cách tairbhe a bhaint as an digiteáil, i gcomhréir leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine. Agus an méid sin á dhéanamh againn, caithfimid na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann a mhaolú trí chur chuige atá bunaithe ar chearta an duine agus atá duinelárnach i leith an chlaochlaithe dhigitigh a áirithiú.

27. Tabharfaidh an tAontas aghaidh ar na dúshláin agus na deiseanna níos ginearálta a bhaineann leis an gclaochlú digiteach de thairbhe na dtionscnamh an nascacht dhigiteach dhomhanda a mhéadú, éagothromaíochtaí digiteacha a laghdú, scileanna digiteacha a fheabhsú, cur leis an acmhainn dhigiteach dhomhanda, an fhiontraíocht dhigiteach a chumasú, agus tacú le caighdeáin lena dtrasuitear luachanna de chuid an Aontais. Comhroinnfidh an tAontas a thaithí rialála ionas go mbeidh sé ina cheannaire agus ina chomhpháirtí iontaofa sa chóras iltaobhach. Leanfaimid de chomhpháirtíochtaí straitéiseacha a chruthú chun an clár oibre digiteach domhanda a mhúnlú agus, trí chur chuige il-gheallsealbhóra, cuirfimid le torthaí na moltaí a thíolaic Painéal Ardleibhéil Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe maidir leis an gcomhar digiteach, ag cur leis an ionchur ó Phainéal Teicneolaíochta Domhanda an Aontais. Is cloch mhíle thábhachtach é seoladh threochlár Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe maidir le Comhar Digiteach chun leas a bhaint as acmhainneacht na dteicneolaíochtaí digiteacha. Coinneoidh an tAontas súil ghéar ar chur chun feidhme an treochláir.

28. Leanfaimid de chur chuige eiticiúil, duinelárnach a chur chun cinn lena n-áiritheofar go ndéanfar cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint a mhéid a bhaineann leis an intleacht shaorga a fhorbairt agus a úsáid, agus de chóineasú i dtreo creataí nua-aimseartha maidir le cosaint sonraí pearsanta a mhéadú. Oibreoidh an tAontas i gcomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha uile chun idirlíon oscailte, saor, slán agus cobhsaí a áirithiú, príobháideachas a chosaint, fuathchaint agus ábhar sceimhlitheoireachta ar líne a chomhrac, slándáil agus sábháilteacht ar líne a fheabhsú chomh maith le rannchuidiú le dul i ngleic leis an mbréagaisnéis agus le bagairtí hibrideacha, i gcomhréir iomlán leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine.

29. In am seo na hanacra, tá an chomhpháirtíocht straitéiseach idir an tAontas Eorpach agus na Náisiúin Aontaithe níos tábhachtaí agus níos láidre ná mar a bhí riamh. Agus 75 bliana de na Náisiúin Aontaithe á chomóradh againn i mbliana, leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú leis na Náisiúin Aontaithe mar fhóram riachtanach le haghaidh réitigh iltaobhacha ar dhúshláin dhomhanda. Caithfear tuilleadh dlúthpháirtíochta agus comhair a bheidh sa domhan iar-COVID. Mar fhorbairt ar na sineirgí idir clár oibre an Aontais agus clár oibre na Náisiún Aontaithe, beidh an tAontas fós ina cheann feadhna ar an iltaobhachas agus leanfaidh sé de bheith ina cheannaire domhanda, d'fhonn domhan níos sábháilte atá níos fearr do chách a bhaint amach.